Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5362/23**

**AGRILEG 4**
**VETER 5**
**DELACT 6**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Eanáir 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 203 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.1.2023 lena gceartaítear an leagan Laitvise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna, agus a mhéid a bhaineann le hinrianaitheacht ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád agus uibheacha goir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 203 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 203 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.1.2023
C(2023) 203 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.1.2023**

**lena gceartaítear an leagan Laitvise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna, agus a mhéid a bhaineann le hinrianaitheacht ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád agus uibheacha goir**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá earráidí sa leagan Laitvise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035. Chun an leagan teanga sin a ailíniú leis na leaganacha teanga eile, is gá Rialachán Tarmligthe lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 a ghlacadh.

## 2. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, ceartaítear earráidí aistriúcháin sa leagan Laitvise den Rialachán.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.1.2023**

**lena gceartaítear an leagan Laitvise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna, agus a mhéid a bhaineann le hinrianaitheacht ainmhithe talún áirithe atá ar coimeád agus uibheacha goir**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe')[1], agus go háirithe Airteagail 3(5), 87(3), 94(3), 97(2), 101(3), 106(1), 118(1) agus (2), 119(1) agus 122(2), Airteagail 271(2) agus 279(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Laitvise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún tá earráidí ina theideal agus in aithris (1) a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le bunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna, in aithris (2) a mhéid a bhaineann le gorlanna a fhormheas, in aithris (11) a mhéid a bhaineann le gorlanna éan i mbraighdeanas agus gorlanna éanlaithe clóis. Tá roinnt earráidí sa Rialachán sin freisin a dhéanann difear do raon feidhme na bhforálacha seo a leanas: in Airteagal 1(3) a mhéid a bhaineann le gorlanna éan i mbraighdeanas; in Airteagal 1(3), an dara fomhír, pointe (b) a mhéid a bhaineann le huibheacha goir ó ghorlanna; in Airteagal 1(6)(b) a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí faisnéise an údaráis inniúil a mhéid a bhaineann lena chláir gorlann; in Airteagal 1(9) a mhéid a bhaineann le gorlanna éan cláraithe nó formheasta; i gCuid II, Teideal I, teideal Chaibidil 2 a mhéid a bhaineann le gorlanna; in Airteagal 7, an teideal agus an abairt réamhráiteach a mhéid a bhaineann leis na ceanglais chun formheas a dheonú ar ghorlanna óna bhfuil uibheacha goir ó éanlaith chlóis nó ó shicíní lae le haistriú go Ballstát eile; in Airteagal 18, an teideal agus an abairt tosaigh a mhéid a bhaineann le cláir bhunaíochtaí ainmhithe talún ar coimeád agus gorlann; i gCuid II, Teideal III, teideal Chaibidil 2 a mhéid a bhaineann le gorlanna; in Airteagal 33, an teideal, an abairt tosaigh agus pointe (a) a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar oibreoirí gorlann maidir le taifid a choimeád; in Iarscríbhinn I, Cuid 3, an teideal a mhéid a bhaineann leis na ceanglais chun formheas a dheonú do ghorlanna; in Iarscríbhinn I, Cuid 3, pointe 1, an abairt tosaigh agus pointí (a) agus (b) a mhéid a bhaineann le ceanglais i ndáil le bearta bithshlándála gorlann; in Iarscríbhinn I, Cuid 3, pointe 2, an abairt tosaigh agus pointe (b) a mhéid a bhaineann le ceanglais i ndáil le faireachas ar ghorlanna; in Iarscríbhinn I, Cuid 3, pointe 3, an abairt tosaigh agus pointí (a), (c) agus (f) a mhéid a bhaineann le

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

ceanglais i ndáil le saoráidí agus trealamh na ngorlann; Iarscríbhinn I, cuid 3, pointe 5, an abairt tosaigh agus pointe (a)(i) a mhéid a bhaineann le ceanglais i ndáil le maoirseacht an údaráis inniúil ar ghorlanna; in Iarscríbhinn I, Cuid 4, pointe 1(a)(ii) a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le bearta bithshlándála bunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis; in Iarscríbhinn I, Cuid 4, pointe 2(b) a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le faireachas ar bhunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis; in Iarscríbhinn I, Cuid 4, pointe 3(b)(iii) agus pointe 3(e) a mhéid a bhaineann le saoráidí agus trealamh na mbunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis; in Iarscríbhinn II, an teideal a mhéid a bhaineann leis an gclár um rialú micribhitheolaíoch i ngorlanna agus i gcláir faireachais galar i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis agus i ngorlanna; in Iarscríbhinn II, Cuid 1, an teideal a mhéid a bhaineann leis an gclár um rialú micribhitheolaíoch i ngorlanna; in Iarscríbhinn II, Cuid 2, an teideal a mhéid a bhaineann le cláir faireachais galar i ngorlanna agus i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar éanlaith chlóis; in Iarscríbhinn II, Cuid 2, pointe 2.4(b), an abairt tosaigh agus pointe (iv) a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le maitrís samplála; in Iarscríbhinn II, Cuid 2, pointe 2.5(b), an chéad abairt agus pointí i) agus ii) a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i ndáil le fráma samplála agus minicíocht na samplála.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Laitvise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2235 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.1.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*